CLÁR

			Lth
1	Lochán Uisce	Mé Féin	1
2	Bhí Ciara Tinn		5
3	Laoise ag Ní a cuid Gruaige	Sa Bhaile	11
4	Ciarán agus an Leabhar		16
5	Ciarán agus an Bheach	An Scoil	20
6	Dul Siar: *Scéal* — Na Peataí. *Dráma* — Tá Ciara tinn.		24
7	Oíche Shamhna	Ócáidí Speisialta	29
8	Laoise agus an Préachán	An Scoil	33
9	Rinne Laoise Ceapaire Cáise	Bia	38
10	Bheirigh mé Ubh aréir		42
11	Dul Siar: *Scéal* — Ricí agus Licí. *Dráma* — Bhris Ciarán a lámh.		47
12	An Teilifís	An Teilifís	53
13	Gach Aoine		57
14	An Crann Nollag	Ócáidí Speisialta	62
15	Gach Satharn	Ag Siopadóireacht	66
16	An Bráisléad		70
17	Dul Siar: *Scéal* — An Bráisléad agus An Phleascóg. *Dráma* — An Scannán.		75
18	Scannán Uafáis	Caitheamh Aimsire	83
19	An Leabharlann		87
20	Na hÉadaí Salacha	Éadaí	92
21	Daidí ag Obair		97
22	Bhí an tÁdh Linn	An Aimsir	101
23	Leac Oighir		107
24	Sa Spáinn	Ócáidí Speisialta	111
25	An Turas Scoile		116
26	Dul Siar: *Scéal* — Is Mise an Rí. *Dráma* — Ag Obair sa Ghairdín.		120
	Litriú		126

CEACHT 1

Comhrá: Beannaigh do do chara agus cuir ceist air.

A

B

Comhrá: Cad tá ar an mbóthar?
An bhfuil an ghrian ag taitneamh?
An bhfuil na fáinleoga ag eitilt?
An bhfuil na héin ag canadh?
An bhfaca Ciarán an lochán uisce?
An bhfuil tarbh sa pháirc? srl.

1 Dathaigh an pháirc, na fáinleoga, an bord agus an báisín.



Lochán uisce

Bhí Ciarán ag siúl lá amháin. Bhí lochán uisce ar an mbóthar. Ní fhaca Ciarán an lochán. Shiúil sé isteach san uisce. Bhí a bhróga fliuch báite.

Shiúil Ciarán abhaile. Bhain sé a bhróga de. Bhain sé a stocaí de. Bhí a mhéara coise salach. Bhí a rúitín salach.

Nigh Ciarán a mhéara coise agus a rúitín. Chuir sé stocaí agus slipéir air féin. Ansin d'fhéach sé ar an teilifís.

Foclóir: Ní fhaca Ciarán = Ciarán did not see; fliuch báite = drowned wet; salach = dirty; d'fhéach sé = he looked.

2 Ceisteanna

1 Cé a chuaigh ag siúl?
2 Cá raibh an lochán uisce?
3 An bhfaca Ciarán an lochán uisce?
4 Cad a bhí fliuch báite?
5 Cad a bhí salach?

3 Eist agus tarraing

CD Rian 1



4 (a) Le foghlaim:

Chuir Máire a cos **sa** p**h**oll

(b) Líon isteach na bearnaí:

1 Chuir Seán peann isteach sa _____ (mála).
2 Chuir Ciarán uisce sa _____ (báisín).
3 Chonaic Íde liathróid sa _____ (páirc).
4 Chonaic Máire cailc sa _____ (bosca).
5 D'ith mé scealloga sa _____ (bialann).
6 D'ól mé oráiste sa _____ (cistin).

5 (a) Le foghlaim:



mo mhála (mé)
do mhála (tú)
a mhála (sé)
a mála (sí)

(b) Líon isteach na bearnaí:

1 Cár chuir tú do _____ (cóta)?

2 Chuir Síle a _____ (ghúna) uirthi.

3 An bhfuil mo _____ (peann) agat?

4 Nigh Mamaí a _____ (chosa) inné.

5 Ní fhaca mé do _____ (madra) inné.

6 Chonaic Ciarán a _____ (cat) sa gharáiste.

7 D'ith Rónán a _____ (bricfeasta).

8 Cheannaigh Íde a _____ (bhuataisí) inné.

6 Tomhas

Tá dhá chois agam ach ní féidir liom rith.
Cé mise?

bríste